Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2020–21

Foirm Iarratais ar Dheontas

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Cuid A: Sonraí na hEagraíochta

Sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais seo, léigh
"Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2020–21: Treoir d'Iarratais ar Dheontas"

Tá cóipeanna ar fáil ó:
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus
Comhionannas
Guthán: (01) 8589601
Ríomhphost: grants@ihrec.ie
Suíomh gréasáin: www.ihrec.ie

An tIarratas a chur isteach

Spriocdháta:
Dé Luain, 27 Aibreán 2020 ag a 4.00 i.n.

Cuir iarratais ar ríomhphost chuig: grants@ihrec.ie
Úsáid an líne ábhair 'Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2020–21'.

Cuir iarratais sa phost chuig:
'Scéim Deontas Chearta an Duine agus
Comhionannais, 2020–21'
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus
Comhionannas
16-22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7
DO7 CR20

Caithfear gach iarratas a chuirtear ar ríomhphost agus sa phost a fháil faoin am agus spriocdháta thuasluaite. Ní dhéanfar iarratais a gheofar i ndiaidh an ama agus dáta sin a mheas. I gcás iarratais a chuirtear sa phost, ní leor stampa poist leis an dáta deiridh.

1. Sonraí na heagraíochta iarratasóra

1.1	Ainm na heagraíochta iarratasóra:	
1.2	Seoladh poist na heagraíochta iarratasóra:	
1.3	Guthán na heagraíochta iarratasóra:	
1.4	Ríomhphost na heagraíochta iarratasóra:	
1.5	Ainm Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir na heagraíochta iarratasóra:	
1.6	Ainm agus ról cheannasaí an iarratais seo:	
1.7	Guthán cheannasaí an iarratais seo:	
1.8	Ríomhphost cheannasaí an iarratais seo:	

1.9	Cén téarma is fearr a dhéanann cur síos ar an eagraíocht – eagraíocht sochaí sibhialta, eagraíocht pobail agus dheonach, eagraíocht neamhrialtasach, eagraíocht daoine a bhfuil cearta acu, grúpa pobail, nó ceardchumann	
1.10	An cuideachta chláraithe agus/nó carthanas an eagraíocht?	
1.11	Uimhir chuideachta:	
1.12	Uimhir charthanais:	

2. Sonraí na heagraíochta comhpháirtíochta (más ábhartha)

2.1	Ainm na heagraíochta comhpháirtíochta:	
2.2	Seoladh poist na heagraíochta comhpháirtíochta:	
2.3	Guthán na heagraíochta comhpháirtíochta:	
2.4	Ríomhphost na heagraíochta comhpháirtíochta:	
2.5	Cén téarma is fearr a dhéanann cur síos ar an eagraíocht chomhpháirtíochta – eagraíocht sochaí sibhialta, eagraíocht pobail agus dheonach, eagraíocht neamhrialtasach, eagraíocht daoine a bhfuil cearta acu, grúpa pobail, ceardchumann nó comhlacht poiblí	
Má tá níos mó ná eagraíocht chomhpháirtíochta amháin i gceist, cóipeáil agus greamaigh an bosca seo agus comhlánaigh é le haghaidh gach comhpháirtí		

Cuid B: Togra an Tionscadail do Theacht ar Chearta agus Teacht ar Cheartas

3. Sonraí an Tionscadail

Agus na ceisteanna thíos á bhfreagairt, cinntigh go dtugtar dóthain sonraí chun gur féidir leis an bpainéal measúnaithe an togra a bhreith i gceart.

Méadaigh méid na mboscaí thíos de réir mar is gá nó tabhair eolas ar leathanach breise.

Tá eolas faoin scéim mharcála sa Treoir, Cuid 3 agus Cuid 4 agus in Aguisín D.

3.1	Teideal an Tionscadail
3.2	Déan cur síos achomair ar an togra beartaithe, ag léiriú mar a gcomhlíonann sé critéir an deontais. (200 focal ar a mhéad)
3.3	Maoinítear gach tionscadal ar feadh 12 mhí ar a mhéad ón dáta a sínítear an comhaontú deontais. Tabhair mionsonraí faoin uair atá i gceist tosú agus críochnú laistigh den achar sin. Tabhair garspriocanna tábhachtacha sa tréimhse chéanna sin.
3.4	Céard é aidhm an tionscadail? (100 focal ar a mhéad)
3.5	Céard iad príomhchuspóirí an tionscadail? (cúig chuspóir ar a mhéad – 150 focal ar a mhéad)

3.6	Céard iad príomhghníomhartha nó príomhghníomhaíochtaí an tionscadail agus cén chaoi a dtagann siad sin le haidhm na Scéime Deontas? (400 focal ar a mhéad)

3.7	Céard atá súil agaibh a bhaint amach mar thoradh ar an tionscadal seo? Déan liosta de na torthaí measta (250 focal ar a mhéad)
3.8	Cé air a bhfuil an tionscadal dírithe? Cén spriocghrúpa(í) sonrach(a) a bhainfeadh tairbhe as an tionscadal seo? (50 focal ar a mhéad)

Cuid C: Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm

4. Eolas faoin bpríomhiarratasóir:

Agus na ceisteanna thíos á bhfreagairt, cinntigh go dtugtar dóthain sonraí chun gur féidir leis an bpainéal measúnaithe an togra a bhreith i gceart.

Méadaigh méid na mboscaí thíos de réir mar is gá nó tabhair eolas ar leathanach breise.

Tá eolas faoin scéim mharcála sa Treoir, Cuid 3 agus Cuid 4 agus in Aguisín D.

4.1	Cén bhliain ar bunaíodh an eagraíocht?
4.2	Céard é aidhm foriomlán na heagraíochta? (50 focal)
4.3	Tabhair breac-chuntas gairid ar obair na heagraíochta: (150 focal)
4.4	Cé mhéid foirne atá ag an eagraíocht?
4.5	Tabhair sonraí a léiríonn cumas na heagraíochta tionscnamh mar a bheartaítear a reáchtáil: (150 focal)
4.6	Déan cur síos ar an gcaoi a mbainisteofar agus a soláthrófar an tionscadal beartaithe agus cé a dhéanfaidh é sin:
4.7	Tabhair breac-chuntas ar aon taithí a bhí ag an eagraíocht roimhe seo ar thionscadail a bhaineann leis an togra a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm:
4.8	Cé na nósanna imeachta agus córais rialaithe atá i bhfeidhm san eagraíocht chun dea-bhainistíocht airgeadais a chinntiú?

5. Eolas comhpháirtíochta (más ábhartha):

5.1	Cén bhliain ar bunaíodh an chomhpháirtíocht?
5.2	Céard é aidhm fhoriomlán na comhpháirtíochta, mar a bhaineann sé leis an togra tionscadail seo? (150 focal)
5.3	Tabhair breac-chuntas gairid ar obair na heagraíochta comhpháirtíochta: (150 focal)

Cuid D: Buiséad Tionscadail

6. Buiséad

Agus na ceisteanna thíos á bhfreagairt, cinntigh go dtugtar dóthain sonraí chun gur féidir leis an bpainéal measúnaithe an togra a bhreith i gceart.

Méadaigh méid na mboscaí thíos de réir mar is gá nó tabhair eolas ar leathanach breise.

Tá eolas faoin scéim mharcála sa Treoir, Aguisín D.

6.1	Sonraigh costas iomlán (CBL san áireamh) an tionscadail a bhfuiltear ag lorg maoiniú lena aghaidh:	€
	Cuir X leis an deontas a bhfuiltear ag cur isteach air.	
	Deontas beag suas go €6,000	
	Deontas ginearálta suas go €20,000	

6.2	• Tabhair miondealú ar chostais an tionscadail. • Cinntigh go bhfuil CBL san áireamh sna costais agus go dtugtar in Euro iad. • Úsáid aon cheann de na ceannteidil seo a leanas a bhaineann leis an togra. • Cuir isteach línte breise míre más gá.	
	Seirbhísí ar Conradh: Sonraigh le do thoil (Mar shampla: táillí conraitheoirí a fhostú chun tabhairt faoi thaighde (lena n-áirítear taighdeoirí piara agus a gcostais in aghaidh na huaire/an lae), nó chun saineolas, oiliúint, éascú, comhordú tionscadail, riaracháin tionscadail, foilseachán nó léiriúchán físeán/digiteach, srl., a sholáthar le haghaidh chúrsaí chearta an duine agus comhionannais.) **Tabhair faoi deara nach bhfuil costais croífhostaithe ná fostaithe ar conradh incháilithe.**	
	Mír 1	€
	Mír 2	€
	Mír 3	€
	Costais an Imeachta: Sonraigh le do thoil (Mar shampla: cíos ar ionad, seomraí cruinnithe, sólaistí, srl.)	
	Mír 1	€
	Mír 2	€
	Mír 3	€

6.3	(ar lean)	
	Taisteal agus Cothabháil: Sonraigh le do thoil (Mar shampla: taisteal agus cothabháil réasúnta aoi-chainteoirí nó tacaíocht do rannpháirtithe chun páirt a ghlacadh i dtionscadal nó freastal ar imeacht)	
	Mír 1	€
	Mír 2	€
	Mír 3	€
	Costais Bholscaireachta: Sonraigh le do thoil (Mar shampla: poiblíocht agus fógraíocht d'imeacht nó do thionscadal, cló agus dearadh, costais TFC le haghaidh tacaí ar líne agus meáin shóisialta)	
	Mír 1	€
	Mír 2	€
	Mír 3	€
	Ceannach Ábhar: Sonraigh le do thoil (Mar shampla: ábhar oiliúna, fótachóipeáil, páipéarachas)	
	Mír 1	€
	Mír 2	€
	Mír 3	€
	Costais eile: Sonraigh le do thoil (Áirítear leis seo costais ilghnéitheacha eile)	
	Mír 1	€
	Mír 2	€
	Mír 3	€
6.4	Tabhair le fios cén chaoi ar cuireadh cúrsaí luacha ar airgead san áireamh i bhforbairt an togra seo.	

Cuid E: Dearbhuithe Éigeantacha

7. Nochtadh Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Is coinníoll de chuid aon iarratais ar mhaoiniú gur léigh, gur thuig agus gur ghlac an t-iarratasóir leis na coinníollacha seo a leanas maidir le Saoráil Faisnéise.

Is mian le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a mheabhrú d'iarratasóirí go bhféadfaí an fhaisnéis a thugtar san fhoirm iarratais agus sna cáipéisí tacaíochta a eisiúint, ach í a iarraidh, do thríú páirtithe, de réir oibleagáid an Choimisiúin faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997–2003.

Cuimhnigh an bhfuil aon chuid den fhaisnéis a thugtar san iarratas nár cheart a nochtadh mar gheall ar chúinsí íogaireachta. Má tá a leithéid ann, ba cheart a rá linn cén fhaisnéis atá íogair agus cén fáth. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis íogair sula ndéanann sé cinneadh maidir le heisiúint faisnéise dá leithéid. Féadfaidh an Coimisiún, má iarrtar é, faisnéis a eisiúint do thríú páirtithe gan dul i gcomhairle leat, seachas má deirtear linn go bhfuil an fhaisnéis íogair.

An bhfuil aon chuid den fhaisnéis san iarratas íogair?	Tá	
	Níl	
Má tá, cén fhaisnéis atá íogair agus cén fáth?		
Dearbhaím go dtuigim na coinníollacha um Shaoráil Faisnéise a bhaineann leis an iarratas seo, a dtugtar breac-chuntas orthu thuas, agus go nglacaim go hiomlán leo.	Dearbhaím	
	Ní dhearbhaím	

8. Dearbhú Leasa

Caithfidh an Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir agus/nó an Príomhiarratasóir a bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha aige é sin a dhearbhú, ar mhaithe le trédhearcacht.

An bhfuil coinbhleacht leasa fhéideartha an Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir agus/nó ag an bpríomhiarratasóir?	Tá	
	Níl	
Má tá, dearbhaigh anseo é.		
Céard is coinbhleacht leasa ann?		

Is ionann coinbhleacht leasa agus cás ina bhfuil sainleasanna gairmiúla agus pearsanta ag duine atá ag teacht salach ar a chéile. D'fhéadfadh coinbhleacht leasa teacht chun solais nuair atá an Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir nó an príomhiarratasóir ó ghrúpa sochaí sibhialta ag cur isteach ar mhaoiniú ach go bhfuil sainleas gairmiúil nó pearsanta ag an duine sin le Coimisinéirí ceaptha nó comhaltaí foirne i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas atá freagrach as Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2020–21.

9. Séanadh

Is coinníoll de chuid aon iarratais ar mhaoiniú gur léigh, gur thuig agus gur ghlac an t-iarratasóir leis an séanadh seo a leanas:

Ní bheidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi dhliteanas don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile maidir le haon chaillteanas, damáiste nó costais a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as:

a. An t-iarratas nó ábhar an iarratais
b. Diúltú don iarratas ar chúis ar bith

Ní bheidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas freagrach ná faoi dhliteanas ag am ar bith ná i gcás ar bith as aon ábhar ar chor ar bith a thagann chun cinn i ndáil le forbairt, pleanáil, oibriú, bainistiú agus/nó riaradh tionscadail ar leith.

Dearbhaím go dtuigim agus go nglacaim go hiomlán leis an séanadh thuas i ndáil leis an iarratas seo.	Dearbhaím	
	Ní dhearbhaím	

Cuid F: Scóráil agus Critéir an Deontais

10. Sceideal Scórála

Déanfar measúnú ar iarratais incháilithe de réir na scéime marcála seo a leanas:

- Caighdeán agus Ábharthacht an Togra do dhaoine a bhfuil cearta acu a chumasú chun a dteacht ar chearta agus a dteacht ar cheartas ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de a chur chun cinn agus chun tosaigh (50 marc);
- Cumas Eagrúcháin agus Cur i bhFeidhm (30 marc);
- Costais (20 marc).

Tá tuilleadh sonraí faoin scéim mharcála seo in Aguisín D sa Treoir.